CLÁIR RIALTAS NA hÉIREANN 2024

Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann
Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann

DOICIMÉAD AN GHLAO

Dátaí tábhachtacha	
Oscailt an ghlao	An 31 Lúnasa 2023
Spriocdháta CC	16:00 (Am na hÉireann) An 05 Deireadh Fómhair 2023
Spriocdháta an iarratasóra	16:00 (Am na hÉireann) An 12 Deireadh Fómhair 2023
Spriocdháta an mhaoirseora, an mheantóra	16:00 (Am na hÉireann) An 19 Deireadh Fómhair 2023
Spriocdháta le haghaidh fhormhuiniú na hoifige taighde	16:00 (Am na hÉireann) An 26 Deireadh Fómhair 2023
Toradh an ghlao	Aibreán 2024
Dáta tosaigh na dámhachtana	An 1 Meán Fómhair 2024

Mar gheall ar thrácht trom freastalaí ar lá spriocdhátaí an iarratasóra agus an mhaoirseora/mheantóra, moltar go láidir do gach rannpháirtí a bhfoirmeacha a chur isteach roimh an spriocdháta ábhartha.
Ní féidir iarratais a chur isteach nuair a bheidh an spriocdháta thart. Ní féidir foirmeacha maoirseoirí/meantóirí a chur isteach nuair a bheidh an spriocdháta thart.

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

CLÁR NA NÁBHAR

1. Eolas maidir leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn 3
2. Cuspóir dhoiciméad an ghlao 3
3. Cláir Rialtas na hÉireann 3
4. Comhpháirtithe maoinithe straitéiseacha 4
5. Cad a chuirimid ar fáil 4
6. Incháilitheacht 5
7. Cláir Rialtais na hÉireann 6
8. Iarratais neamh-incháilithe 10
9. An bhfuil sé beartaithe agat iarratas a dhéanamh? 11
10. Inscne 12
11. Dearbhú maidir le Measúnú Taighde (DORA) 12
12. ORCID 12
13. Bradaíl agus ceisteanna gaolmhara 12
14. An próiseas measúnaithe 13
15. Fógra agus aiseolas 14
AGUISÍN 1 15
AGUISÍN 2 18
AGUISÍN 3 19
AGUISÍN 4 21
AGUISÍN 5 23
AGUISÍN 6 27
AGUISÍN 7 28

1. Eolas maidir leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn

Is maoinitheoir náisiúnta barr feabhais é An Chomhairle um Thaighde in Éirinn i ngach disciplín. Infheistíonn an Chomhairle i dtaighde fionnachtana agus i smaointe ceannródaíocha a dhéileálann le mórdhúshláin shochaíocha, agus maoinítear raon éagsúil taighdeoirí aonair den chéad scoth ag gach céim dá ngairm.

Comhoibríonn An Chomhairle um Thaighde in Éirinn le fiontraíocht, leis an tsochaí shibhialta, agus leis an rialtas chun scileanna, eolas agus tallann taighdeoirí a úsáid chun an oiread tairbhe agus is féidir a chinntiú don tsochaí.

Bunaíodh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn in 2012, gníomhaireacht chomhlachaithe de chuid na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta atá ag feidhmiú faoi choimirce an Údaráis um Ard-Oideachas.

2. Cuspóir dhoiciméad an ghlao

Tá faisnéis le fáil sa doiciméad glao seo d'iarratasóirí ar mian leo iarratas a ullmhú agus a chur isteach le haghaidh Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann nó Comhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann na Comhairle um Thaighde in Éirinn. Chomh maith leis sin, soláthraítear ann forléargas ginearálta ar an bpróiseas measúnaithe. Sonraítear sa doiciméad seo, i gcomhar leis na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta le haghaidh Dámhachtainí Luathghairme, an litir tairisceana agus beartais agus nósanna imeachta na Comhairle um Thaighde in Éirinn, na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le dámhachtainí luathghairme atá á maoiniú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn. Coimeádann an Chomhairle um Thaighde in Éirinn an ceart an doiciméad glao seo a leasú am ar bith.

3. Cláir Rialtas na hÉireann

Is tionscnaimh náisiúnta bhunaithe iad cláir Rialtas na hÉireann, eadhon Clár Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann agus Clár Chomhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann, atá á maoiniú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus á mbainistiú ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn. Tacaíonn na cláir seo le hiarrthóirí máistreachta, dochtúireachta agus iardhochtúireachta cuícháilithe tabhairt faoi, nó a bhfuil sé ar intinn acu, tabhairt faoi thaighde lánaimseartha in aon disciplín.

Baineann cláir Rialtas na hÉireann le tírdhreach taighde na hÉireann amháin. Áirítear i measc na ngnéithe:

- dámhachtainí aonair, measúla le haghaidh taighde den chéad scoth in ainm an iarratasóra;
- deis a thabhairt do dhámhachtaithe a dtionscadal taighde féin a threorú ag céim luathghairme, trí bheith ag obair le maoirseoir nó meantóir de réir mar is gá;
- próiseas roghnúcháin oibiachtúil trí úsáid a bhaint as piarmheasúnú saineolach idirnáisiúnta, neamhspleách;
- maoiniú i ngach disciplín, idir ailtireacht agus zó-eolaíocht; agus

- dámhachtainí le haghaidh taighde ó bhun aníos, neamhstiúrtha, ach amháin i gcás na ndámhachtainí sin atá á maoiniú ag ár gcomhpháirtithe maoinithe straitéiseacha.

Is féidir iarratais a dhéanamh in aon disciplín. Féach ar dhoiciméad catagóirithe taighde na Comhairle um Thaighde in Éirinn chun tuilleadh eolais a fháil faoi na príomhréimsí, disciplíní agus réimsí taighde eile atá clúdaithe. Tograí ceannródaíocha a dhéileálann le réimsí taighde nua nó tograí a bhfuil úsáid á baint acu as cuir chuige chruthaitheacha, nuálacha. Spreagtar tograí idirdhisciplíneacha freisin de bhrí go n-aithnítear gur féidir tuiscint bhunúsach a fhorbairt trí fhaisnéis, teicnící, uirlisí agus peirspictíochtaí dhá dhisciplín nó níos mó a chomhtháthú.

Is cláir iomaíocha iad seo, agus le cúig bliana anuas bhí an meánráta ratha cothrom le 18% i ndáil le Clár Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann agus 12% i ndáil le Clár Chomhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann. Glactar le dámhachtaithe rathúla na gclár seo mar thaighdeoirí a bhfuil poitéinseal suntasach acu feidhmiú mar cheannairí taighde na todhchaí.

4. Comhpháirtithe maoinithe straitéiseacha

Oibríonn roinnt rann agus gníomhaireachtaí rialtais leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn chun tacú le Clár Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann mar mheicníocht chun cuspóirí náisiúnta comhroinnte a chur i gcrích. Seo a leanas comhpháirtithe maoinithe straitéiseacha na Comhairle um Thaighde in Éirinn le haghaidh 2024:

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil – tá tuilleadh eolais le fáil in aguisín 1
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige – tá tuilleadh eolais le fáil in aguisín 2
- Met Éireann – tá tuilleadh eolais le fáil in aguisín 3
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha – tá tuilleadh eolais le fáil in aguisín 5

Cé gur féidir le hiarratasóirí iarratas a dhéanamh ar théama amháin, cuirfear daoine a dhéanann iarratas ar dhámhachtain comhpháirtí maoinithe straitéiseach san áireamh freisin le haghaidh Dámhachtain Rialtas na hÉireann. Seiceálfaidh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn go bhfuil iarratais atá le breithniú faoi shnáithe an chomhpháirtí maoinithe straitéiseach ailínithe go ginearálta leis an téama sin. Leanfar le measúnú a dhéanamh ar iarratais incháilithe nach bhfuil ailínithe le téama an chomhpháirtí maoinithe straitéiseach ábhartha faoin bpríomhchlár.

5. Cad a chuirimid ar fáil

5.1. *Clár Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann*

Tacóidh na cláir seo le hiarrthóirí máistreachta agus dochtúireachta cuícháilithe tabhairt faoi, nó a bhfuil sé ar intinn acu, tabhairt faoi thaighde lánaimseartha in aon disciplín. **Bíonn Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann ar fáil le haghaidh idir 1 bhliain agus 4 bliana ag brath ar an gcineál céime atá á dhéanamh agus an dáta ar cláraíodh ó thús (más cuí).**

Beidh uasmhéid €28,000 sa bhliain luaite le luach na scoláireachta in aon bhliain cheadaithe agus cuimseofar ann an méid seo a leanas:

- stipinn luach €19,000;
- ranníocaíocht táillí, lena n-áirítear táillí neamh-AE, a íoctar leis an institiúid óstach, suas le huasmhéid de €5,750[1]; agus
- costais dhíreacha incháilithe taighde de €3,250 chun cur ar chumas an dámhachtaí an tionscadal taighde a chur i gcrích.

Tabhair ar aird go bhfuil an dámhachtain scoláireachta comhdhéanta de na trí cheannteideal buiséid atá liostaithe thuas. Níor cheart d'iarratasóirí cur isteach ar mhaoiniú a lorg do cheann nó dhó de na ceannteidil bhuiséid agus sin amháin.

5.2 Clár Chomhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann:

Tacóidh na cláir seo le hiarrthóirí iardhochtúireachta cuícháilithe atá i mbun taighde lánaimseartha in aon disciplín. D'fhéadfaí na dámhachtainí seo a bhronnadh le haghaidh bliain amháin nó dhá bhliain agus cuimseofar iontu:

- tuarastal €42,783 sa chéad bhliain den dámhachtain agus €43,371 sa dara bliain den dámhachtain[2];
- ranníocaíocht ÁSPC fostóra; agus
- costais dhíreacha incháilithe taighde €5,000 sa bhliain.

Tabhair ar aird go bhféadfadh an tuarastal a bheith faoi réir athraithe de réir athruithe ar scálaí tuarastail an IUA. Is é an aidhm atá le comhaltacht bliana deis a thabhairt d'iarratasóir a t(h)ráchtas dochtúireachta a ullmhú le foilsiú trí aschuir acadúla foilsithe éagsúla ar ardchaighdeán e.g. monagraif, ailt phiarmheasúnaithe, imleabhair curtha in eagar. Is é an aidhm atá leis an gcomhaltacht dhá bhliain tionscadal taighde nua nó tionscadal taighde a fhorbairt a léiríonn go bhfuil forbairt shuntasach tagtha ar ábhar an tráchtais dochtúireachta trí aschuir foilsithe éagsúla atá oiriúnach, indéanta agus soiléir.

6. Incháilitheacht

Ba cheart d'iarratasóirí poitéinsiúla a chinntiú cibé acu atá nó nach bhfuil siad incháilithe sula ndéanann siad iarratas ar cheachtar den dá chlár. Ceanglófar ar gach iarratasóir quiz incháilithe a dhéanamh agus a phasáil ar an gcóras iarratais ar líne sula gceadófar foirm iarratais a rochtain. Tá tuilleadh eolais maidir le céard a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn lena mheas go bhfuil iarratas neamh-incháilithe le fáil i roinn 8.

- Níl aon teorainn aoise sonraithe le haghaidh iarratasóirí ionas go mbeidh siad incháilithe le haghaidh ceachtar den dá chlár.
- Ní mór go mbeadh gach iarratasóir cleamhnaithe le hinstitiúid ardoideachais Éireannach incháilithe nó eagraíocht atá i mbun taighde.

[1] Ní mór don dámhachtaí agus/nó institiúid óstach aon difreálach táillí a íoc.

[2] Tá sé seo ag comhfhreagairt le pointí 1 agus 2 faoi seach ar scála tuarastail taighdeoirí IUA tráth oscailte an ghlao agus d'fhéadfadh go mbeadh sé faoi réir athraithe faoin gcomhaontú náisiúnta pá reatha. Cuirfear aon athruithe dá leithéid i bhfeidhm de réir nuashonruithe ar scála tuarastail taighdeoirí IUA.

- Ní ghlacfar le hiarratais ach i nGaeilge nó i mBéarla[3]
- Ní ghlactar le hiarratais ó iarratasóirí a rinne dhá iarratas roimhe sin nár éirigh leo, lena n-áirítear bunaithe ar théamaí comhpháirtíochta straitéiseacha. Tá sé seo ábhartha is cuma cibé acu ar athraigh an t-iarratasóir a (h)institiúid óstach nó ábhar taighde ó rinneadh an aighneacht roimhe seo.
- Ní féidir leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn maoiniú a dhámhachtain le haghaidh gníomhaíocht taighde faoi aon cheann de na réimsí toirmiscthe seo a leanas:
    - clónáil dhaonna le haghaidh cúiseanna atáirgeacha;
    - modhnú géiniteach daoine a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn lena leithéid sin d'athruithe a bheith inoidhreachta (seachas taighde a bhaineann le cóireáil ailse na ngónad, a d'fhéadfaí a mhaoiniú); nó
    - suthanna daonna a chruthú chun críche taighde nó chun críche gaschealla a fháil, lena n-áirítear trí aistriú núicleach ceall sómach.

7. Cláir Rialtais na hÉireann

7.1 *Clár Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann:*

7.1.1 Tá iarratasóir ar iontrálaí nua é/í sa chéim iarchéime a bhfuil maoiniú á lorg lena haghaidh incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh tréimhse iomlán na céime mar atá sonraithe thíos:

An cineál céime	Tréimhse an mhaoinithe atá le bronnadh
Céim mháistreachta (taighde)	1 bhliain
Céim mháistreachta taighde (struchtúrtha)	2 bhliain
Céim dhochtúireachta (traidisiúnta)	3 bliana
Céim dhochtúireachta (struchtúrtha)	4 bliana

7.1.2. Le haghaidh iarratasóirí a bhfuil cuid den chéim iarchéime curtha i gcrích acu cheana féin a bhfuil maoiniú á lorg acu lena haghaidh, **braitheann tréimhse an mhaoinithe atá le bronnadh ar an gcineál céime atá á déanamh agus an dáta ar cláraíodh den chéad uair:**

An cineál céime	Dáta an chéad chlárúcháin[4]	An bhliain acadúil	Tréimhse an mhaoinithe atá le bronnadh

[3] Chun measúnú a éascú, tugtar cuireadh do dhaoine a bhfuil measúnú á dhéanamh i nGaeilge acu aistriúchán Béarla a chur leis. Mura gcuireann an t-iarratasóir aistriúchán Béarla ar fáil, cuirfidh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn aistriúchán ar fáil le haghaidh na measúnóirí ábhartha.

[4] Ní bheidh aon eisceachtaí i gceist i ndáil leis na dáta thuasluaite maidir le céad chlárúcháin ach amháin i gcás daoine a ghlac sos gairme incháilithe óna gcláir chéime.

Céim mháistreachta taighde (struchtúrtha)	An 1 MF 23 – An 31 Lún 24 (níl clárúcháin roimh an 1 MF 23 incháilithe)	2023/24	1 bhliain
Céim dhochtúireachta (traidisiúnta)	An 1 MF 23 – An 31 Lún 24	2023/24	2 bhliain
	An 1 MF 22 – An 31 Lún 23 (níl clárúcháin roimh an 1 MF 2022 incháilithe)	2022/23	1 bhliain
Céim dhochtúireachta (struchtúrtha)	An 1 MF 23 – An 31 Lún 24	20232/24	3 bliain
	An 1 MF 22 – An 31 Lún 23	2022/23	2 bliain
	An 1 MF 21 – An 31 Lún 22 (níl clárúcháin roimh an 1 MF 2021 incháilithe)	2021/22	1 bhliain

7.1.3. Ní mór go mbeadh céim bhaitsiléara onórach, céad onóracha nó dara honóracha uachtair, nó a comhionann, ag gach iarratasóir. Mura bhfuil torthaí scrúdaithe fochéime ar eolas tráth déanta an iarratais, féadfaidh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn tairiscint shealadach a dhéanamh go mbronnfar scoláireacht ar an gcoinníoll go bhfuil céim bhaitsiléara, nó a comhionann, an scoláire bronnta ag leibhéal céad onóracha nó dara honóracha. Ní mór go mbeadh céim bhaitsiléara onórach, céad onóracha nó dara honóracha uachtair, nó a comhionann, ag gach iarratasóir. Tá cinneadh na Comhairle um Thaighde in Éirinn maidir le hincháilitheacht iarratasóra i ndáil leis na critéir seo críochnaitheach[5].

7.1.4. **Ní mór go mbeadh gach toradh céime a shonraítear san fhoirm iarratais agus a fhormhuiníonn an institiúid óstach cosúil le torthaí foriomlána an iarratasóra agus infhíoraithe ar thras-scríbhinní oifigiúla.** Is cuma cibé acu atá nó nach bhfuil siad ábhartha do na ceanglais incháilitheachta atá liostaithe i gclásal 7.1.3, ceanglófar ar dhámhachtaithe coinníollacha tras-scríbhinní oifigiúla a chur ar fáil le haghaidh gach céim atá liostaithe san iarratas ina ndeimhnítear an toradh foriomlán, dáta bronnta na céime agus an institiúid bronnta[6]. Mura féidir a leithéid de thras-scríbhinní a sholáthar, nó mura bhfíoraíonn siad an fhaisnéis mar atá sonraithe go díreach san iarratas, aistarraingeofar aon tairiscint choinníollach dámhachtana.

7.1.5. Níor cheart go mbeadh scoláireacht de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn ag aon iarratasóir ar chéim mháistreachta (taighde) faoi láthair, nó roimhe seo.

7.1.6. Níor cheart go mbeadh scoláireacht de chuid na Comhairle um Thaighde in Éirinn ag iarratasóirí ar chéim dhochtúireachta faoi láthair, nó roimhe seo, seachas scoláireacht a chuir ar a gcumas céim mháistreachta (taighde) a fháil.

7.1.7. Teastaíonn maoirseoir acadúil ó gach iarratas atá toilteanach an tionscadal taighde bheartaithe a threorú. **Níl ar chumas na Comhairle um Thaighde in Éirinn cabhrú le**

[5] Táthar ag súil go mbainfidh institiúidí óstacha tairbhe as treoir QQI agus NFQ i dtéarmaí aitheantais agus comhionannais céime.

[6] Ní mór ábhar tacaíochta, neamh-in-aischurtha a sheoladh chuig an gComhairle um Thaighde in Éirinn lena iniúchadh sular féidir tús a chur leis an dámhachtain. Ní mór go mbeadh gach tras-scríbhinn stampáilte agus sínithe go cuí lena dheimhniú gur doiciméid oifigiúla de chuid na hinstitiúide iad.

hiarratasóirí maoirseoir acadúil a aimsiú dá n-iarratas. Chomh maith leis sin, is féidir maoirseoir tánaisteach nó cómhaoirseoir a shonrú ar an iarratas.

7.1.8. Féadfar Scoláireacht Iarchéime Rialtas na hÉireann a bhronnadh ar iarratasóirí ó aon tír, ach breithneofar iarratasóirí faoi cheann amháin de dhá chatagóir bunaithe ar náisiúntacht agus cónaitheacht[7]:

Catagóir a haon	Ní mór d'iarratasóirí an DÁ chritéir seo a leanas a chomhlíonadh: • a bheith ina náisiúnach de bhallstát den Aontas Eorpach (lena n-áirítear Poblacht na hÉireann) NÓ an Íoslainn, an Iorua, Lichtinstéin, an Eilvéis nó an Ríocht Aontaithe nó an Úcráin AGUS • a bheith ag gnáthchónaí[8] i mballstát den Aontas Eorpach (lena n-áirítear Poblacht na hÉireann) NÓ an Íoslainn, an Iorua, an Lichtinstéin, an Eilvéis nó an Ríocht Aontaithe nó an Úcráin le haghaidh tréimhse leantach le haghaidh trí bliana as na cúig bliana roimh an 1 Meán Fómhair 2024.
Catagóir a dó	Gach iarratasóir eile NACH gcomhlíonann na critéir thuasluaite ar fad.

7.1.9. Cé go mbronnfar formhór na scoláireachtaí ar iarratasóirí a bhaineann le catagóir a haon, beidh céatadán de na scoláireachtaí ar fáil freisin d'iarratasóirí eisceachtúla a bhaineann le catagóir a dó. In 2022, is mar seo a leanas a bhí na rátaí ratha arna n-eagrú de réir na catagóire:

	Ráta ratha foriomlán[9]	Ráta ratha le haghaidh iarratasóirí chatagóir a dó[10]
Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic (STEM)	17%	3%
Ná dána, daonnachtaí agus eolaíochtaí (AHSS)	19%	4.5%

7.2. *Clár Chomhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann*

7.2.1 Ní mór go mbeadh na critéir seo a leanas á gcomhlíonadh ag iarratasóirí:

[7] Coimeádann an Chomhairle um Thaighde in Éirinn an ceart fianaise dhoiciméadaithe a lorg maidir le náisiúntacht agus cónaitheacht iarratasóra.

[8] Tagraíonn gnáthchónaí d'áit chónaithe dlíthiúil agus buan an chónaitheora. Ní ghlacfar leis gur cuireadh isteach air seo má tharla neamhláithreacht ón tír ghnáthchónaithe mar gheall ar oiliúint, oideachas nó fostaíocht an iarratasóra nó céile nó tuismitheoir an iarratasóra.

[9] Dámhachtainí mar chéatadán de gach iarratas incháilithe.

[10] Dámhachtainí mar chéatadán d'iarratais incháilithe chatagóir a dó.

- bronnadh céim dhochtúireachta air/uirthi laistigh den tréimhse cúig bliana roimh an 31 Bealtaine 2024. Chun críche an choinníll seo, cuirfear dáta bronnta na céime san áireamh; nó
- tá deimhniú tugtha go bhfuil na coinníollacha ar fad a bhaineann le bronnadh céim dhochtúireachta comhlíonta laistigh den tréimhse cúig bliana roimh an 31 Bealtaine 2024, lena n-áirítear an tráchtas ceartaithe faoi chlúdach crua a bheith curtha isteach, ach níl céim bronnta air/uirthi fós.

7.2.2 Féadfar síneadh a chur le tréimhse incháilitheachta iarratasóra mar thoradh ar shos gairme incháilithe atá doiciméadaithe go cuí, ar an gcoinníoll gur cuireadh tús leis na forais a bhí leis an síneadh roimh spriocdháta an ghlao. D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc sosanna gairme incháilithe saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire uchtaíoch, saoire do thuismitheoirí, saoire tuismitheora, saoire bhreoiteacha le haghaidh tréimhse fhada agus saoire cúramóra.

7.2.3 Ní ghlacfar leis go mbeidh ach sosanna gairme atá glactha ag an iarratasóir mar theidlíocht reachtúil incháilithe. Ní bhreithneofar sosanna gairme arna míniú trí obair lasmuigh den saol acadúil nó trí bheith dífhostaithe ar feadh tréimhse ama mar chúiseanna bailí chun síneadh a chur leis an tréimhse incháilitheachta.

7.2.4 Más mian le hiarratasóir síneadh a chur lena t(h)réimhse incháilitheachta, ní mór dó/di fianaise a chur ar fáil, teasta(i)s b(h)reithe, teasta(i)s dochtúra agus/nó doiciméid ó oifig AD a f(h)ostóra tráth glactha an tsosa/na sosanna incháilithe:

- Maidir le saoire mháithreachais, ceadófar síneadh 18-mhí le haghaidh gach linbh a saolaítear roimh nó i ndiaidh an chéad dámhachtain PhD, beag beann ar fhad thréimhse saoire mháithreachais an iarratasóra. Más féidir leis an iarratasóir fianaise a sholáthar maidir le saoire mháithreachais níos faide, cuirfear síneadh leis an tréimhse incháilitheachta de réir thréimhse doiciméadaithe na saoire iarbhíre a tógadh go dtí spriocdháta an ghlao. Tá an prionsabal céanna i bhfeidhm le haghaidh uchtáil leanaí.
- Maidir le saoire atharthachta, deonófar síneadh d'iarratasóirí atá cothrom leis an méid saoire atharthachta doiciméadaithe a glacadh le haghaidh gach linbh roimh nó i ndiaidh bhronnadh an chéad PhD. Tá an prionsabal céanna i bhfeidhm le haghaidh uchtáil leanaí.
- Maidir le tinneas fadtéarmach (níos mó ná 90 lá don iarratasóir nó garghaolta, i.e. leanbh, céile, tuismitheoir, siblín), deonófar síneadh d'iarratasóirí atá cothrom leis an méid saoire doiciméadaithe a ghlac an t-iarratasóir le haghaidh gach teagmhas a tharla i ndiaidh bhronnadh an chéad PhD.
- Maidir le gach sos gairme incháilithe eile, deonófar síneadh d'iarratasóirí atá cothrom leis an méid saoire doiciméadaithe a ghlac an t-iarratasóir le haghaidh gach teagmhas a tharla i ndiaidh bhronnadh an chéad PhD.

7.2.5 Ní mór go mbeadh gach iarratasóir in ann fianaise ar an méid seo a leanas a sholáthar:

- foilseachán taighde piarmheasúnaithe foilsithe amháin ar a laghad a bheith scríofa aige/aici nó scríofa aige/aici i gcomhpháirt le duine éigin eile[11]; nó
- aschur coibhéiseach maoine intleachtúla a bheith aige/aici; nó

[11] Alt irise in iris idirnáisiúnta, nó páipéar imeachtaí comhdhála piarmheasúnaithe, atá foilsithe nó ar glacadh leis lena fhoilsiú. Ní ghlacfar le hailt atá curtha isteach nó á n-ullmhú.

- clár ábhar a sholáthar agus caibidil amháin óna t(h)ráchtas dochtúireachta. Tabhair faoi deara, go nglacfar leis go bhfuil iarratas a gcuirtear níos mó ná caibidil amháin ar fáil leis mar iarratas neamh-incháilithe.

7.2.6 Ní mór go mbeadh gach toradh céime a shonraítear san fhoirm iarratais agus a fhormhuiníonn an institiúid óstach cosúil le torthaí foriomlána an iarratasóra agus infhíoraithe ar thras-scríbhinní oifigiúla. Is cuma cibé acu atá nó nach bhfuil siad ábhartha do na ceanglais incháilitheachta atá liostaithe i gclásal 7.2.1, ceanglófar ar dhámhachtaithe tras-scríbhinní oifigiúla a chur ar fáil le haghaidh gach céim atá liostaithe san iarratas ina ndeimhnítear an toradh foriomlán, dáta bronnta na céime agus an institiúid bronnta[6]. Mura féidir a leithéid de thras-scríbhinní a sholáthar, nó mura bhfíoraíonn siad an fhaisnéis mar atá sonraithe go díreach san iarratas, aistarraingeofar aon tairiscint choinníollach dámhachtana.

7.2.7 Níor cheart go mbeadh comhaltacht iardhochtúireachta Rialtais na hÉireann ag iarratasóirí faoi láthair, nó níor cheart go mbeadh a leithéid acu roimhe seo.

7.2.8 Teastaíonn meantóir ó gach iarratas atá toilteanach an tionscadal taighde bheartaithe a threorú. Níl ar chumas na Comhairle um Thaighde in Éirinn cabhrú le hiarratasóirí meantóir a aimsiú dá n-iarratas.

7.2.9 Níor cheart go mbeadh iarratasóirí fostaithe mar thaighdeoir iardhochtúireachta le haghaidh níos mó ná cúig bliana amhail ag an 31 Bealtaine 2024.

7.2.10 Níor cheart gur comhalta foirne buan é an t-iarratasóir in institiúid ardoideachais nó eagraíocht taighde Éireannach nó idirnáisiúnta.

7.2.11 Tá cead ag iarratasóirí ó aon tír a bheith i seilbh Chomhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann.

8. Iarratais neamh-incháilithe

8.1. Le cois roinn 6 agus 7 thuas, glacfar leis go bhfuil iarratais neamh-incháilithe agus ní bhreithneofar le haghaidh maoiniú iad sna cásanna seo a leanas:

- cuireann iarratasóir níos mó ná iarratas amháin isteach le haghaidh glao ar leith;
- níor cuireadh iarratas isteach tríd an gcóras ar líne faoin spriocdháta ábhartha. Ní ghlacfar le haon chóipeanna crua nó foirmeacha ríomhphoist;
- níl na foirmeacha rannpháirtí ar fad le hiarratas, i.e. maoirseoir acadúil nó meantóir (mar atá ábhartha), comhlánaithe go hiomlán agus curtha isteach tríd an gcóras ar líne faoin spriocdháta ábhartha. Ní ghlacfar le haon cóipeanna crua nó foirmeacha ríomhphoist;
- ní mheaitseálann ainm an mhaoirseora acadúil nó meantóra ar an quiz incháilitheachta ar an gcóras ar líne an t-ainm ar an bhfoirm iarratais;
- cuirtear níos mó ná ainm maoirseora nó meantóra amháin ar fáil sa quiz incháilitheachta ar an gcóras ar líne;
- Cuirtear an quiz incháilithe ar an gcóras ar líne isteach gan ainm maoirseora acadúil nó meantóra;
- tá iarratas neamhiomlán nó tá na teorainneacha focal á sárú;
- áirítear in iarratas ábhair bhreise nach bhfuil ag teastáil;
- áirítear in iarratas ábhair i bhformáid eile seachas na formáidí atá ag teastáil;
- aimsítear ag aon chéim i rith an phróisis go bhfuil bradaíl in aon roinn d'iarratais nó nach é obair an iarratasóra atá i gceist (féach ar roinn 13 le haghaidh tuilleadh eolais);

- tá aon fhaisnéis a cuireadh ar fáil in iarratas falsa, míthreorach nó dofhíoraithe le doiciméid chuí;
- bhí an tionscadal taighde atá á mholadh san fhoirm iarratais maoinithe roimhe seo, go hiomlán nó i bpáirt, ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn nó ag aon ghníomhaireacht mhaoinithe;
- níl an t-iarratas á fhormhuiniú ag institiúid óstach an iarratasóra, i.e. an leas-uachtarán/déan taighde nó a (h)ainmní údaraithe, tríd an gcóras ar líne faoin spriocdháta ábhartha;
- bíonn fianaise ar chanbhasáil ar son an iarratasóra le tabhairt faoi deara.

9. An bhfuil sé beartaithe agat iarratas a dhéanamh?

Chun críocha trédhearcachta agus cothroime do gach iarratasóir, ní ghlacfaimid páirt i gcomhfhreagras scríofa nó teileafóin le haon duine aonair faoin bpróiseas measúnaithe nó a n-incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh**. Sa chéad ásc, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an oifig taighde i d'institiúid óstach bheartaithe má theastaíonn eolas agus soiléiriú maidir leis an nglao uait. Moltar go ndéanann iarratasóirí teagmháil leis an oifig tamall maith roimh iarratas a chur isteach.** Mura bhfuil d'oifig taighde in ann d'fhiosrúchán a fhreagairt, ba cheart duit é sheoladh i bhfoirm ríomhphoist chuig postgrad@research.ie nó postdoc@research.ie de réir mar is cuí chun freagra a fháil trí phróiseas na gceisteanna coitianta (CC). Foilseofar doiciméad CC nuashonraithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle um Thaighde in Éirinn gach seachtain.

Tugtar cuireadh d'iarratasóirí ionchasacha machnamh a dhéanamh ar an aiseolas iarratais ginearálta a sholáthraíonn ár measúnóirí sula gcuireann siad a n-iarratas isteach. Tá an fhaisnéis seo le fáil faoin táb "FAQ" ar láithreán gréasáin an Ghlao. Tá sonraí maidir le scóráil faoi gach critéar de réir an chláir ábhartha ar fáil in aguisín 6 agus 7.

Níor cheart duit maoirseoir nó meantóir acadúil a ainmniú i d'iarratas gan cead a fháil roimhe nó roimpi roimhe ré. Sula gcruthaíonn tú iarratas, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le do mhaoirseoir nó meantóir acadúil beartaithe chun do thionscadal taighde a phlé leis/léi de réir mar is cuí. Is ar an iarratasóir atá an fhreagracht a chur in iúl don mhaoirseoir nó meantóir agus moltóirí go bhfuil sé/sí ainmnithe. Ba cheart é seo a dhéanamh tamall maith roimh chomhlánú an iarratais ar líne.

Moltar go láidir an t-iarratas agus na foirmeacha rannpháirtí a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta ábhartha de bhrí go bhféadfaí moill a chur ar a n-aighneacht mar thoradh ar thrácht trom freastalaí. **Moltar d'iarratasóirí gan fanacht go dtí lá an spriocdháta chun clárú ar an gcóras nó a n-iarratas a chur isteach.** Más mian leat d'iarratas a chur isteach ar an spriocdháta, ba cheart duit é a dhéanamh ar a laghad sé huair an chloig roimh an spriocdháta.

Ainneoin go gceadaítear do mhaoirseoir nó meantóir acadúil in institiúid óstach Éireannach tacú le níos mó ná dámhaí amháin faoi gach clár, níor cheart go mbeadh sé seo in úsáid ag maoirseoirí nó meantóirí acadúla chun foirne taighde a bhunú. Ní mór go mbeadh gach iarratas ag tacú le duine aonair agus tionscadal bunaidh, scríofa ag an iarratasóir agus difriúil ar bhealach suntasach ó iarratais eile a d'fhéadfaí a fháil faoin maoirseoir nó meantóir acadúil céanna.

Tabhair ar aird le do thoil nach féidir aon athruithe a dhéanamh ar quiz incháilithe nuair a chuirtear isteach é. Nuair a chuireann tú do quiz incháilithe isteach, ní bheidh tú in ann rochtain a fháil air arís. Tabhair ar aird freisin, le do thoil, nach féidir aon athrú a dhéanamh ar iarratas tar éis dó a bheith curtha isteach. Tá sé tábhachtach mar sin an quiz incháilithe agus an fhoirm iarratais a sheiceáil agus a athsheiceáil go dtí go mbeifear sásta go hiomlán leis na codanna ar fad sula gcuirtear isteach iad. Má éiríonn leis an iarratas, ní thairgfear maoiniú d'iarratasóir chun an tionscadal a chur i gcrích ach amháin mar a shonraítear san iarratas.

10. Inscne

Príomhghné de Straitéis agus Plean Gníomhaíochta na Comhairle um Taighde in Éirinn é torthaí comhdheise a chur ar fáil do gach iarratasóir ionas gur féidir le hÉirinn na taighdeoirí is mó tallann, is cruthaithí agus is nuálaí a mhealladh agus a choimeád, agus ar an tslí sin a comh-éirim thaighde a uasmhéadú.D'fhonn cothrom na féinne a thabhairt do gach iarratasóir, baineann an Chomhairle um Thaighde in Éirinn tairbhe as próiseas measúnaithe a sheachnaíonn eolas faoi inscne an duine a lua le haghaidh na gclár seo.

Chuige sin, ní chuirtear faisnéis phróifíle ina sonraítear ainm agus inscne iarratasóirí ar fáil d'athbhreithneoirí i rith an phróisis measúnaithe**. Dá réir sin, iarrtar ar iarratasóirí gan a n-inscne a roinnt nuair a bhíonn a bhfoirmeacha iarratais á gcomhlánú acu**. Iarraimid freisin go n-úsáideann maoirseoirí, meantóirí agus moltóirí an téarma 'an t-iarratasóir', 'é/í', 'iad' agus 'seisean/sise', 'iadsan' nuair a bhíonn breathnóireachtaí á soláthar seachas ainm an duine nó forainmneacha a d'fhéadfadh aird a tharraingt ar inscne an duine. Moltar d'iarratasóirí féachaint ar an ráiteas maidir leis an ngné gnéis/inscne in aguisín 6 roimh roinn ráiteas pearsanta, eiticiúil agus gnéis/inscne a n-iarratas a chomhlánú.

11. Dearbhú maidir le Measúnú Taighde (DORA)

Tá Dearbhú maidir le Measúnú Taighde San Francisco (DORA) sínithe ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn agus, dá réir sin, tá ár bpróisis mheasúnaithe á n-ailíniú againn le prionsabail DORA.
Chuige sin, tugtar aitheantas go gach cineál aschur taighde agus táimid tiomanta do mheasúnú a dhéanamh ar chaighdeán agus ar thionchar taighde trí mhodhanna seachas fachtóirí tionchair irise.

12. ORCID

Soláthraíonn ORCID aitheantóir digiteach seasmhach a dhéanann idirdhealú idir tusa agus gach taighdeoir eile agus, trí chomhtháthú i bpríomhshreafaí oibre taighde cosúil le cur isteach lámhscríbhinní agus deontas, agus tacaíonn sé le naisc uathoibrithe idir tú féin agus do ghníomhaíochtaí taighde lena chinntiú go bhfuil aitheantas á fháil ag do chuid oibre. Mura bhfuil ORCID agat i láthair na huaire, cláraigh le haghaidh ceann ag www.orcid.org sula gcuireann tú d'iarratas isteach.

13. Bradaíl agus ceisteanna gaolmhara

Táthar ag súil gur obair an iarratasóra a bheidh in iarratais. **Déanfar sampláil randamach le haghaidh fianaise ar bhradaíl agus dúbailt iomarcach i rith an phróisis iarratais agus dáfa.** Seo a leanas an

sainmhíniú atá luaite le bradaíl - sealbhú smaointe, próiseas, torthaí nó focal duine éigin eile gan an chreidiúint chuí a thabhairt dó/di. Measfar go mbeidh dúbailt iomarcach i gceist má tá codanna suntasacha d'iarratais éagsúla chuig an gComhairle um Thaighde in Éirinn cosúil nó comhionann.

Má shainaithníonn an Chomhairle um Thaighde in Éirinn samplaí de bhradaíl nó dúbailt iomarcach ag aon chéim i rith an phróisis iarratais nó dámhachtana, glacfar leis go bhfuil an t-iarratas/na hiarratais ábhartha neamh-incháilithe, aistarraingeofar tairiscintí dáfa, nó foirceannfar dámhachtainí gníomhacha laistigh de mhí amháin fógra. Chomh maith leis sin, tarraingeofar aird na hinstitiúide óstaí ar a leithéid de chásanna de bhradaíl nó dúbailt iomarcach agus toirmeascfar an t-iarratasóir iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ón gComhairle um Thaighde in Éirinn amach anseo.

14. An próiseas measúnaithe

Déanann an Chomhairle um Thaighde in Éirinn iarratais a sheiceáil ar dtús lena chinntiú go bhfuil siad incháilithe. Measfar gach iarratas ar bhonn an ábhair a cuireadh ar fáil tráth déanta na haighneachta.Roghnófar sealbhóirí dámhachtana i ndiaidh nós imeachta roghnúcháin atá trédhearcach, bunaithe ar fhiúntas, neamhchlaonta agus cothromasach, bunaithe ar phiarmheasúnú idirnáisiúnta. Tá snáitheanna maoinithe ar leithligh ar fáil le haghaidh STEM agus AHSS. Déantar gach snáithe a mheas go neamhspleách ar bhonn iomaíoch. Ní chuirtear faisnéis phróifíle, dáta breithe agus inscne iarratasóirí ar fáil d'athbhreithneoirí i rith an phróisis measúnaithe.

Seolfar iarratais incháilithe ar aghaidh chuig bord measúnaithe idirnáisiúnta (IAB) chun meastóireacht chianda a dhéanamh. Déanann beirt athbhreithneoirí neamhspleácha, idirnáisiúnta, chianda gach iarratas a mheas. Cuireann gach measúnóir a m(h)eastóireacht ar fáil, agus rangaítear na hiarratais in ord fiúntais. Ansin cuirtear na hiarratais is airde rangaithe faoi bhréid IAB inmheánach agus déanann beirt athbhreithneoirí neamhspleácha, idirnáisiúnta eile iad a mheas roimh iad a phlé ag cruinniú phainéal an IAB inmheánach atá ábhartha don tsnáithe mhaoinithe áirithe. Is í an phríomhfhreagracht atá ar an IAB inmheánach cinneadh a dhéanamh maidir le rangú cainníochtúil iarratas, breithiúnas a thabhairt maidir le caighdeán agus moltaí deiridh a chur faoi bhráid na Comhairle um Thaighde in Éirinn. Ansin soláthróidh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn maoiniú don liosta rangaithe atá curtha ar fáil ag na IABanna inmheánacha go dtí nach bhfuil aon mhaoiniú fágtha. Tá cinneadh na Comhairle um Thaighde in Éirinn maidir le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil dámhachtain le bronnadh faoi cheachtar clár críochnaitheach.

Cé go mb'fhéidir go mbeadh cur amach níos fearr ag comhaltaí IAB seachtrach le do réimse taighde sonrach, beidh ionadaithe páirteach in IAB inmheánach a mbeidh taithí uileghabhálach shuntasach acu agus tuiscint níos ginearálta ar do réimse taighde. Dá réir sin, tá sé tábhachtach d'iarratas a scríobh ar bhealach a chinntíonn go dtuigeann comhaltaí seachtracha agus inmheánacha IAB an taighde atá beartaithe agus gur féidir leo meastóireacht agus measúnú cothrom a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil sé ar chaighdeán oiriúnach lena mholadh le haghaidh maoinithe. Déantar iarratas a mheas bunaithe ar cheithre cheannteideal:

- iarratasóir;
- tionscadal;
- gnéithe oiliúna agus forbartha gairme an togra; agus
- timpeallacht.

Breithníonn measúnóirí na ceithre cheannteideal agus leithdháiltear scóir bunaithe ar na critéir mheastóireachta atá mionsonraithe in aguisín 6 agus 7. Moltar d'iarratasóirí eolas a chur ar na critéir mheastóireachta sula ndéanann siad iarratas. Má tá an meánscór iomlán mar an gcéanna idir dhá iarratas nó níos mó, rangófar iarratais leis na meánscóir chéanna de réir an mheánscoir faoi chatagóir an tionscadail.

15. Fógra agus aiseolas

Tá cosc ar an gComhairle um Thaighde in Éirinn torthaí an chomórtais nó toradh iarratas aonair a phlé ar an teileafón nó i scríbhinn. San áireamh san aiseolas a thabharfar d'iarrthóirí nach n-éiríonn leo beidh an scór shann IAB. Soláthrófar aiseolas cáilitheach breise d'iarratasóirí faoi Chlár Chomhaltacht Iardhochtúireachta Rialtas na hÉireann. **Ní mór d'iarratasóirí aiseolas a thagann ó thráchtaireacht na measúnóirí a iarraidh laistigh de 3 seachtaine ó fhógra an toraidh.** Nuair a bheidh an tréimhse caite, ní cheadófar aon iarratas eile ar aiseolas. **Is dócha go gcuirfear aiseolas ar fáil go luath sa samhradh tar éis don phróiseas athbhreithnithe iomlán a bheith curtha i gcrích.** Ní chuirfidh aiseolas atá curtha ar fáil ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn, in imthosca ar bith, isteach ar rúndacht aon rannpháirtí sa phróiseas.

AGUISÍN 1
SCOLÁIREACHT IARCHÉIME NA GNÍOMHAIREACHTA UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

CÚLRA

I gcomhpháirt leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, fáiltíonn An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) roimh iarratais a ar Scoláireacht Iarchéime na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, dá dtagraítear Scoláireacht Iarchéime EPA ina dhiaidh seo. Meastar go mbronnfar seacht scoláireacht ar a mhéad ar na hiarratasóirí ag barr an liosta chun maoiniú a fháil.

Is comhlacht poiblí neamhspleách é EPA a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoi Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Tá EPA ag líne thosaigh an chaomhnaithe agus na póilíneachta comhshaoil. Mar chuid dá raon leathan feidhmeanna, bainistíonn EPA clár taighde comhshaoil a sholáthraíonn tacaíocht eolaíoch riachtanach chun beartas comhshaoil a fhorbairt, a chur chun feidhme agus le haghaidh cinnteoireacht níos ginearálta. Ó 1994, mhaoinigh an EPA taighde a chuir leis an tuiscint náisiúnta ar ár dtimpeallacht, na dúshláin atá le sárú agus na freagairtí atá ag teastáil. Díríonn Taighde EPA ar chuspóirí comhshaoil a chomhlíonadh, bonn eolais a chur ar fáil le haghaidh beartas agus taighdeoirí agus úsáideoirí taighde a thabhairt le chéile. Tá an EPA freagrach as taighde comhshaoil a chomhordú in Éirinn.

Is tionscnamh atá á mhaoiniú ag An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide é Clár Taighde EPA.

Tá tuilleadh eolais ar an EPA agus a Clár Taighde ar fáil ag: www.epa.ie

CLÁR TAIGHDE EPA 2021-2030

Is creat ardleibhéil deich mbliana é Taighde EPA 2030 le haghaidh chlár taighde EPA (2021-2030), clár atá deartha le bheith sofhreagrúil, freagrúil agus solúbtha. Laistigh den chreat seo, tá ról tábhachtach ag clár taighde an EPA maidir le fianaise a ghiniúint chun tacú le ceapadh agus le cur i bhfeidhm beartas éifeachtach agus láidir, agus maidir le measúnú a dhéanamh ar a thorthaí, agus a luach a léiriú.

Cuimsítear i struchtúr téamach Thaighde EPA 2030 ceithre mhol idirnasctha a bhaineann tairbhe as cur chuige comhtháite agus trasearnála, a chumasaíonn bainistíocht agus cosaint iomlánaíoch ár dtimpeallachta:

- Déileáil le riachtanais fianaise athraithe aeráide;
- Geilleagar glas agus ciorclach a éascú;
- Timpeallacht shláintiúil a sholáthar; agus
- Ár dtimpeallacht nádúrtha a chosaint agus a athchóiriú.



Mar chuid de Thaighde EPA 2030, déantar comhairliúchán mionsonraithe ar thimthriall trí bliana chun príomhréimsí agus gníomhaíochtaí taighde a aithint, lena n-áirítear dúshláin atá ag teacht chun cinn agus riachtanais eolais do gach ceann de na moil taighde sin. Tá Measúnú Téamach Taighde an EPA 2021-2023 ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

SCOLÁIREACHT IARCHÉIME NA GNÍOMHAIREACHTA UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tá béim shuntasach á leagan i gClár Taighde EPA ar bheartas agus tá rialacháin náisiúnta agus treoracha Eorpacha mar bhonn leis. Tá raon feidhme taighde atá á mhaoiniú ag EPA bunaithe ar a ábharthacht do bheartas agus a ailíniú le príomhghníomhaíochtaí EPA. Gné lárnach den taighde comhshaoil a bheidh sa bhreithniú ar na hidirghníomhaíochtaí idir dálaí sóisialta, iompraíochta agus geilleagracha, a bheidh mar bhonn le rialachas feabhsaithe agus cur chun feidhme níos éifeachtaí beartas agus straitéisí comhshaoil.

Iarrtar ar thograí taighde nuálaíoch chun fianaise a sholáthar d'fhonn tacú le beartas comhshaoil in Éirinn. Ní mór d'iarratasóirí ábharthacht an taighde atá beartaithe acu d'obair an EPA agus don bheartas náisiúnta a léiriú go soiléir agus ba chóir dóibh cuid díobh seo a leanas nó iad uile a mheas agus a dtogra á ullmhú:

- Taighde EPA 2030;
- **Measúnú Téamach Taighde an EPA 2021-2023;**
- Comhthéacs beartais comhshaoil náisiúnta;
- Príomhghníomhaíochtaí EPA; agus
- Cur chun feidhme Chuspóirí Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

Más cuí, moltar d'iarratasóirí breithniú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun an úsáid atá á baint as Faire na Cruinne (e.g. COPERNICUS) a chomhtháthú chun déileáil lena rogha ceist taighde.

Cuimsítear i measc na réimsí téamacha lena mbaineann leas straitéiseach:

a. Déileáil le riachtanais fianaise athraithe aeráide

Tá tionchar an athraithe aeráide in Éirinn le brath cheana féin agus tá gá le bearta láidre maolaithe agus oiriúnaithe. Tá taighde riachtanach chun fianaise a sholáthar atá riachtanach chun ár gcórais faisnéise a fheabhsú agus bonn eolais a sholáthar le haghaidh cinntí beartais a chabhróidh le forbairt ár n-uaillmhianta a bheith neodrach ó thaobh carbóin de agus seasmhach ó thaobh suaitheadh aeráide.

b. Geilleagar glas agus ciorclach a éascú

Tá dlúthnasc idir dúshláin chomhshaoil agus inbhuanaitheachta agus gníomhaíochtaí agus stíleanna maireachtála geilleagracha. Cuirfidh taighde faoin mol seo le príomhshruthú bainistíocht inbhuanaithe acmhainní agus dramhaíl nádúrtha, agus tabharfar chun solais poitéinseal an gheilleagair ghlais agus an bhithgheilleagair, agus cuirfear dlús le hiomaíochas, trí éifeachtúlacht acmhainní agus imlonnú teicneolaíochtaí agus réiteach nuálach.

c. Timpeallacht shláintiúil a sholáthar

Is réamhriachtanas le haghaidh sláinte agus folláine mhaith é timpeallacht ghlan, bhríomhar agus shábháilte. Cruthaíonn díghrádú comhshaoil, truailliú, agus substaintí aitheanta agus nua ar ábhar imní iad bagairt dár sláinte agus dár n-éiceachórais tacaíochta. Cabhróidh taighde faoin mol seo le tuiscint ar rioscaí agus tairbhí, agus le freagairtí oiriúnacha beartais agus iompraíochta a aithint.

d. Ár dtimpeallacht nádúrtha a chosaint agus a athchóiriú

Cuireann ár dtimpeallacht nádúrtha aer agus uisce glan, bia agus amhábhair ar fáil dúinn chun muid féin agus ár ngeilleagar a chothú. Teastaíonn taighde chun bonn eolais a sholáthar le haghaidh agus tacú le cur chuige trasearnálach i ndáil lenár dtimpeallacht nádúrtha a bhainistiú agus le forbairt beartas a bhaineann le rialáil astaíochtaí agus gníomhaíochtaí, cosaint ár n-uisce, tailte agus éiceachóras.

AGUISÍN 2
SCOLÁIREACHT IARCHÉIME I MÍBHUNTÁISTE I MEASC DAOINE ÓGA IN ÉIRINN

CÚLRA

I gcomhpháirt leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, fáiltíonn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige roimh iarratais ar Scoláireacht Iarchéime i Míbhuntáiste i Measc Daoine Óga in Éirinn. Bronnfar scoláireacht ar an iarratasóir ag barr an liosta chun maoiniú a fháil.

AN ROINN LEANAÍ, COMHIONANNAIS, MÍCHUMAIS, LÁNPHÁIRTÍOCHTA AGUS ÓIGE

Is é misean na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, saol leanaí, daoine óga, aosach, teaghlach agus pobal a fheabhsú, agus aitheantas a thabhairt d'éagsúlacht agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn. Léigh Ráiteas Straitéise 2021-2023 na Roinne áit a bhfuil forléargas cuimsitheach ar thosaíochtaí straitéiseacha reatha. Áirítear ina measc:

- Beartais agus reachtaíocht atá bunaithe ar fhianaise a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a mhúnlú a mbeidh torthaí feabhsaithe dóibh siúd a bhfuilimid ag freastal orthu dá mbarr.
- Cinnteofar go mbeidh raon seirbhísí ar ardchaighdeán agus inbhuanaithe, a bhfuil infheistíocht straitéiseach ag tacú leo, á soláthar a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine aonair, teaghlach agus pobal.
- Cabhrú le daoine atá leochaileach, lena n-áirítear leanaí, daoine óga agus daoine aonair atá i mbaol, dúshláin a shárú agus barr a gcumais a bhaint amach.
- Tacú le forbairt sochaí atá forásach, measúil agus cothrom, a chuireann eispéiris na nglúnta atá imithe romhainn san áireamh agus a dhéanann iarracht freagairt do riachtanais marthanóirí.
- Oibriú i gcomhpháirt le daoine aonair, teaghlaigh agus pobail i Ranna Rialtais, comhlachtaí poiblí agus an tsochaí shibhialta chun torthaí níos fearr a bhaint amach.

SCOLÁIREACHT IARCHÉIME ALICE LITSTER I MÍBHUNTÁISTE I MEASC DAOINE ÓGA IN ÉIRINN

Tá an scoláireacht seo bunaithe i gcuimhne na leanaí a bhásaigh sna hÁrais Máithreacha agus Naíonán. Fáiltítear roimh iarratais ó dhaoine ar mian leo tabhairt faoi thaighde i réimse na míbhuntáiste i measc daoine óga. Áirítear i measc na réimsí féideartha spéise, ach níl siad teoranta do:

I measc na réimsí téamacha a d'fhéadfadh a bheith ina spéis straitéiseach tá:

a) Leanaí atá ina gcónaí/a bhí ina gcónaí faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus/nó eacnamaíoch.

b) Leanaí a mbíonn orthu déileáil le/a raibh orthu déileáil le deacrachtaí nó míbhuntáiste mar gheall ar mhíchumais nó riachtanais bhreise (sainmhíniú ginearálta).

c) Leanaí a bhaineann le daonraí imirceach, an Lucht Siúil, an pobal Romach nó leanaí a bhfuil taithí acu/a raibh taithí acu ar mhíbhuntáiste dá bharr sin.

d) Aon taighde sochstairiúil ábhartha.

AGUISÍN 3
SCOLÁIREACHT IARCHÉIME MET ÉIREANN

CÚLRA

I gcomhpháirt leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, fáiltíonn Met Éireann roimh iarratais le haghaidh **Scoláireachtaí Iarchéime Met Éireann**. Bronnfar cúig scoláireacht ar a mhéad ar na hiarratasóirí ag barr an liosta chun maoiniú a fháil.

MET ÉIREANN

Is é Met Éireann seirbhís náisiúnta mheitéareolaíochta na hÉireann atá aitheanta mar Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta faoi choinbhinsiún idirnáisiúnta ón mbliain 1950 agus is rannán den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta é. Tá Met Éireann freagrach as bailiú agus táirgeadh sonraí meitéareolaíochta ar ardchaighdeán, seirbhísí údarásacha aimsire agus aeráide a chur ar fáil chun beatha agus maoin a chosaint agus folláin shochaíoch agus eacnamaíoch níos ginearálta a chur chun cinn. Déanann Met Éireann taighde ar aimsir agus aeráid agus forbraíonn sé seirbhísí aimsire agus aeráide do shochaí na hÉireann chun bonn eolais a sholáthar le haghaidh bheartas agus chinnteoireacht Rialtais. Tá Met Éireann freagrach as oifigí, córais agus bonneagar oibríochtúil 24/7 miseanchriticiúil a theastaíonn chun réamhaisnéisí aimsire, rabhaidh maidir le drochaimsir agus seirbhísí rialaithe a chur ar fáil do shaoránaigh, cinnteoirí, bainistíocht éigeandála agus eitlíocht na hÉireann.

Seo a leanas tosaíochtaí Met Éireann:

- Tá Met Éireann ag leanúint ag feidhmiú mar **ghlór údarásach maidir le meitéareolaíocht** in Éirinn, trí thacaíocht a fháil ó thaighde eolaíochta spriocdhírithe, le tacaíocht ó ghealltanas leanúnach láidir do chaighdeáin seirbhísí do chustaiméirí den chéad scoth agus trí thairbhe a bhaint as na hardáin chumarsáide traidisiúnta, digiteacha agus as na meáin shóisialta. Tá Met Éireann i gceannas ar an ngrúpa náisiúnta comhordaithe Destination Earth;

- Tá Met Éireann ag leanúint ag cur leis an **tacaíocht atá á soláthar aige do bhainistíocht éigeandála** i rith tréimhsí drochaimsire trí dhíriú ar riachtanais úsáideoirí agus cur le hábharthacht na faisnéise aimsire a chuirtear ar fáil do na hábhair atá ag déanamh imní d'úsáideoirí. Cuimsítear san iarracht seo seirbhísí réamhaisnéise tioncharbhunaithe a fhorbairt, úsáid a bhaint as tacar sonraí leochaileachta agus nochta páirtithe leasmhara agus faisnéis mheitéareolaíochta úrscothach Met Éireann.

- Tá tús áite á thabhairt ag Met Éireann do na **Seirbhísí Aeráide a sholáthraíonn sé a fhorbairt** chun tacú le torthaí sochaíocha feabhsaithe i ndáil le pleanáil agus ullmhú le haghaidh tionchar athraithe aeráide, trí eolas aeráide a aistriú chuig taighdeoirí agus cinnteoirí beartais agus gnó. Tá TRANSLATE, glao taighde eolaíochta le haghaidh príomhthaighdeoirí seolta ag Met Éireann chun cabhrú le teilgin aeráide agus faisnéis aeráide na todhchaí a chaighdeánú chun tuilleadh tacaíochta fós a thabhairt don oiriúnú aeráide in Éirinn, agus chun tairbhe a bhaint as an taighde idirnáisiúnta suntasach atá á dhéanamh.

- Tá **acmhainn réamhaisnéise tuilte á forbairt** ag Met Éireann agus tá sé ag díriú ar thrialacha réamhoibríochtúla a Ionaid Réamhaisnéise Tuilte le haghaidh teagmhas tuilte srutha agus cósta, obair ar cuireadh tús léi ag deireadh 2021. Tá samhlacha srutha (abhainn) á bhforbairt le haghaidh na ndobharcheantar ar fad in Éirinn agus tá Seirbhís Réamhaisnéise Taoide agus

borradh stoirme Oifig na nOibreacha Poiblí á n-aistriú chuig Met Éireann. Lena chinntiú go roinntear eolas maidir le foláirimh agus comhairle tuilte go héifeachtach i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara, tá straitéis cumarsáide bunaithe agus cabhrófar le cur chun feidhme na straitéise trí úsáid a bhaint as córas scaipthe oiriúnach.

- Tá Met Éireann ag leanúint le **bonneagar meitéareolaíochta atá nua-aimseartha agus comhtháite a fhorbairt**. Baineann tábhacht ar leith le hacmhainn ríomhaireachta ardfheidhmíochta, tacar sonraí breathnóireachta feabhsaithe, acmhainn bainistíochta leanúnachais gnó láidir, líonra nua-aimseartha radar aimsire agus seirbhísí TFC atá athléimneach agus aclaí chun seirbhísí aimsire agus aeráide níos fearr a sholáthar. Beidh infheistíocht i dtaighde meitéareolaíoch agus aeráide mar bhonn le táirgí nua agus foirmeacha nua de chomhar tionsclaíoch a fhorbairt agus tacú le nuálaíocht, iomaíochas, fás agus jabchruthúchán.

SCOLÁIREACHTAÍ IARCHÉIME MET ÉIREANN

I gcomhpháirt leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, fáiltíonn Met Éireann roimh iarratais le haghaidh Scoláireachtaí Met Éireann a fhorbróidh taighde nuálach chun fianaise a sholáthar a thacóidh le réimsí téamacha sonracha lena mbaineann leas straitéiseach i gcomhthéacs Met Éireann (féach thíos).

Léigh Plean Straitéiseach Met Éireann 2017 – 2027, dar teideal ***"Making Ireland Weather and Climate Prepared – Helping Irish society to be ready for and responsive to weather and climate risks"***.

Cuimsítear i measc na réimsí téamacha féideartha lena mbaineann leas straitéiseach:

- Seirbhísí aeráide;
- Samhaltú aeráide;
- Taighde speisialaithe aimsire agus aeráide e.g. tionchar, sataílít, muirí, agraimheitéareolaíocht;
- Feidhmchláir Intleachta Saorga, meaisínfhoghlama, anailísíochta sonraí le haghaidh seirbhísí aimsire agus aeráide;
- Córais agus ionstraimíocht monatóireachta agus breathnóireachta aimsire agus aeráide;
- Samhaltú Tuar Uimhriúil Aimsire (NWP);
- Réamhaisnéis ghinearálta agus tuilte;
- Scaipeadh agus cumarsáid faisnéis aimsire agus aeráide;
- Faisnéis aimsire agus aeráide a thuiscint agus a léirmhíniú;
- Cinnteoireacht agus bainistíocht éigeandála i rith drochaimsire;
- Tionchar socheacnamaíoch faisnéis aimsire agus aeráide;
- Córas luathrabhaidh ilghuaise.

AGUISÍN 4
SCOLÁIREACHT IARCHÉIME ANDREW GRENE I RÉITEACH COINBHLEACHTA

CÚLRA

I gcomhpháirt leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn, fáiltíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha (DFA) roimh iarratais ar Scoláireacht Iarchéime Andrew Grene i Réiteach Coinbhleachta.

Is é Domhan Níos Fearr, beartas na hÉireann maidir le forbairt idirnáisiúnta, an beartas uile-rialtais ar a bhfuil comhar forbartha idirnáisiúnta na hÉireann bunaithe. Tugtar cothrom le dáta ann béim thraidisiúnta na hÉireann ar 'na daoine is boichte' chun an gealltanas atá tugtha i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SFInna) 'tús áite a thabhairt do na daoine is faide ar gcúl' a chomhlíonadh.

Is í an fhís atá sonraithe in *Domhan Níos Fearr,* pobal domhanda níos cothroime, níos síochánta agus níos inbhuanaithe a chruthú. Cuimsítear ann gníomh forbartha idirnáisiúnta comhair agus daonnúil na hÉireann, mar aon le beartais agus gníomhartha chearta an duine, síochánaíochta, dí-armála agus slándála. Tugtar gealltanas ann go mbeidh Éire ag forbairt cur chuige réigiúnach chun déileáil le héagobhsaíocht agus coinbhleacht, agus tarraingeofar aird ar riachtanais shonracha ar ilchríoch na hAfraice, sa Mheánoirthear, Meiriceá Laidineach, an Áise agus Stáit Oileán Beag atá i mBéal Forbartha.

SCOLÁIREACHT IARCHÉIME ANDREW GRENE I RÉITEACH COINBHLEACHTA

Incháilitheacht

1. *Téamach*
   Ní mór go mbeadh an taighde atá beartaithe ag an iarratasóir comhleanúnach le ceann amháin nó níos mó den cheithre thosaíocht beartais atá sainaitheanta in *Domhan Níos Fearr*, laistigh den chuspóir uileghabhálach tús áite a thabhairt do na daoine is faide ar gcúl ar dtús:
   - Comhionannas inscne;
   - Riachtanas daonnúil a laghdú;
   - Gníomhú ar son na haeráide;
   - Rialachas treisithe.

2. *Réigiúnach*
   Is í rogha DFA gur cheart go mbeadh tograí ag díriú ar cheann amháin ar a laghad de phríomhthíortha comhpháirtíochta na hÉireann agus/nó tíortha sonracha a bhfuil Éire ag tacú leo a bhfuil tionchar ag coinbhleacht agus leochaileacht orthu[12].

[12] An Bhurúin, Daonphoblacht an Chongó, an Aetóip, an Chéinia, an Libéir, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Nigéir, Ruanda, Uganda, Siarra Leon, an Afraic Theas, an Tansáin, an tSaimbia, an tSiombáib, an Chambóid, an Cholóim, Laos, Maenmar, an Phalaistín, Vítneam; Stáit Oileán Beag atá i mBéal Forbartha.

Bronnfaidh DFA maoiniú ar thograí rathúla a dhíríonn ar cheann amháin den dá réimse seo a leanas:

a. *Mná, síocháin agus slándáil*
Seoladh Tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le Cur Chun Feidhme UNSCR 1325 agus réitigh ghaolmhara (ar a dtugtar Clár na mBan, na Síochána agus na Slándála (BSS) i dteannta a chéile) na hÉireann i mí Meithimh 2019. Sonraítear sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta (PGN), atá ailínithe le *Domhan Níos Fearr*, conas a leanfaidh Éire le cur chun feidhme a cláir oibre BSS agus conas a bhfeabhsóidh sí an cur chun feidhme sin faoi na ceithre cholún seo a leanas - Cosc, Rannpháirtíocht, Cosaint agus Cur Chun Cinn, agus reáchtálfar an Plean le haghaidh tréimhse cúig bliana idir 2019-2024. Is príomhuirlis é PGN i ndlús a chur le gealltanas láidir na hÉireann do chomhionannas inscne i gcomhthéacsanna leochaileacha agus coinbhleachta, lena n-áirítear:

- ceannaireacht agus rannpháirtíocht lánbhrí na mban i bpróisis síochána, síochánaíocht, cothú síochána agus cosc coinbhleachta a neartú;
- déileáil le bunchúiseanna coinbhleachta;
- cosaint na mban agus na gcailíní ó dhíobháil a bhaineann le coinbhleacht a threisiú;
- peirspictíocht agus saineolas inscne a chur chun cinn i ndáil le síocháin agus slándáil.

Spreagtar taighde a bheidh mar bhonn leis an mbonn taighde le haghaidh rannpháirtíocht na mban i gcinnteoireacht maidir le síocháin agus slándáil a fheabhsú agus a chabhróidh teacht ar thuiscint ar noirm shóisialta dhíobhálacha, lena n-áirítear fireannacht agus noirm inscne idirdhealaitheacha maidir le comhionannas inscne agus rannpháirtíocht dhearfach na bhfear agus na mbuachaillí mar pháirtithe leasmhara agus tacadóirí i ndáil le tacú le clár oibre BSS.

b. *Réiteach iarchoinbhleachta*
Áirítear i réiteach caidreamh agus iontaobhas a athbhunú a ndearnadh damáiste dó i rith na coinbhleachta, is cuma cé acu an grúpaí difriúla nó saoránaigh agus an Stát atá i gceist. De bhrí go bhfuil gach coinbhleacht uathúil, bíonn cineálacha éagsúla réitigh i gceist i suíomhanna iarchoinbhleachta difriúla: idirphlé polaitiúil náisiúnta; insint na fírinne; ceartas agus ionchúisimh idirthréimhseach; cúiteamh (aonair agus comhchoiteann); ath-lánpháirtiú; oideachas síochána; agus athchóiriú institiúideach atá íogair do chearta an duine. Baineann réiteach le comhthéacs ar leith agus tá sé íogair do chomhthéacs, rud a chiallaíonn nach mór do gach sochaí réiteach a bhaint amach ar a bhealach féin, bunaithe ar nádúr na coinbhleachta nó carachtar an aistrithe, agus ar an ról criticiúil atá ag mná i bpróisis réitigh. Tá iarracht ghníomhach déanta ag Éire páirt a ghlacadh i roinnt ceachtanna déthreo le tíortha a bhfuil a bpróisis réitigh féin curtha i gcrích acu nó á gcur i gcrích acu. Spreagtar taighde atá dírithe ar cheachtanna comparáideacha sna comhthéacsanna seo agus go háirithe i ndáil le príomhthíortha comhpháirtíochta na hÉireann agus tíortha sonracha a raibh tionchar ag coinbhleacht agus leochaileacht orthu[13].

[13] An Bhurúin, Daonphoblacht an Chongó, an Aetóip, an Chéinia, an Libéir, an Mhaláiv, Mósaimbíc, an Nigéir, Ruanda, Uganda, Siarra Leon, an Afraic Theas, an Tansáin, an tSaimbia, an tSiombáib, an Chambóid, an Cholóim, Laos, Maenmar, an Phalaistín, Vítneam; Stáit Oileán Beag atá i mBéal Forbartha.

AGUISÍN 5
TREOIR MAIDIR LE RÁITEAS NA GNÉ GNÉIS/INSCNE

Ainneoin tionscadail taighde a bheith á ndéanamh nach bhfuil tábhacht ag baint le gnéas bitheolaíoch agus/nó inscne iontu i dtéarmaí ábhar taighde, tá sé bunaithe, más cuí, trí anailís ghnéis agus inscne a chomhtháthú i ndearadh, cur chun feidhme, meastóireacht agus scaipeadh taighde, gur féidir torthaí níos fearr agus deiseanna níos fearr a chinntiú. Má dhéantar neamhaird ar cheisteanna gnéis-inscne, beidh torthaí taighde páirteach agus d'fhéadfaidís a bheith claonta. Sna cásanna is measa, d'fhéadfadh go mbeadh breithniú lag ar an ngné gnéis-inscne mar bhonn le húsáidí dáiríre atá bunaithe ar thorthaí nó ar thuiscintí atá míchruinn. Is ceanglas a bhaineann le dámhachtainí uile na Comhairle um Thaighde in Éirinn go ndéantar breithniú iomlán ar an ngné gnéis-inscne in ábhar taighde.

Uaireanta glactar le comhtháthú na gné gnéis-inscne i dtaighde mar chomhtháthú cothromaíocht inscne i bhfoirne taighde, rud nach bhfuil ceart. Is dhá cheist ar leith iad, agus níor cheart cothromaíocht inscne foirne a úsáid chun an cheist maidir leis an ngné gnéis-inscne i gceist taighde a fhreagairt. Molaimid breathnú ar an bhfíseán gearr anseo atá curtha i dtoll a chéile ag an gCoimisiún Eorpach maidir le comhtháthú na ngné gnéis/inscne i dtaighde.

Sainmhínithe

Tagraíonn gnéas do thacar saintréithe bitheolaíocha i ndaoine agus in ainmhithe. Baineann sé go príomha le gnéithe fisiciúla agus fiseolaíocha lena n-áirítear crómasóim, léiriú na géine, leibhéil agus feidhm hormóin, agus anatamaíocht atáirgeach/ghnéasach. Déantar gnéas a chatagóiriú mar bhaineann nó fireann de ghnáth.

Tagraíonn inscne do róil, iompraíochtaí, léirithe agus féiniúlachtaí cailíní, ban, buachaillí, fear agus daoine atá inscne-éagsúil atá forbartha ag leibhéal sóisialta. Bíonn tionchar aige ar an tuiscint atá ag daoine orthu féin agus ar a chéile, conas a ghníomhaíonn agus a idirghníomhaíonn siad, agus dáileadh cumhachta agus acmhainní sa tsochaí. Go hiondúil glactar le hinscne mar ghné dhénártha (cailín/bean agus buachaill/fear) ach tá éagsúlacht shuntasach le tabhairt faoi deara sa chaoi a dtuigeann, a dhéileálann agus a léiríonn daoine aonair agus grúpaí inscne. Tá liosta de théarmaíocht a bhaineann le hinscne curtha ar fáil ag an gcarthanas Éireannach, BelongTo anseo.

Acmhainní

Tugtar samplaí dearfacha agus diúltacha ag na naisc seo a leanas a eascraíonn as cuimsiú nó eisiamh gnéis agus inscne i dtaighde faoi seach. B'fhéidir go mbeadh siad úsáideach d'iarratasóirí nuair a bhíonn an ghné gnéis-inscne dá n-iarratas á comhlánú acu:

Ginearálta

- Acmhainn ó Ollscoil Stanford maidir le gnéithe gnéis-inscne de thaighde

STEM

- Oiliúint ar líne chun gnéas agus inscne a chomhtháthú i dtaighde sláinte
- Alt maidir leis na dainséir a bhaineann le tástáil drugaí ar dhaonraí ainmhithe fireanna (staidéir ar ainmhithe, dearadh drugaí)
- Béim ar thaighde inscne i dteicneolaíocht talmhaíochta agus eolaíocht luibheolaíoch (talmhaíocht, eolaíocht luibheolaíoch)

- Tuarascáil Bhonneagar Iompair Éireann maidir le himpleachtaí dearadh iompair do mhná in Éirinn (innealtóireacht iompair)

AHSS

- Alt maidir le prionsabail dearaidh uirbigh a chuireann riachtanais ban agus grúpaí mionlaigh san áireamh (dearadh uirbeach)
- Staidéar Oxfam ar thionchair inscne na mianadóireachta (geo-eolaíocht)

Conas breithniú a dhéanamh ar an ngné inscne a d'fhéadfadh a bheith ag baint le do chuid taighde agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an ngné sin ar do chuid taighde

Tá an méid seo a leanas á chur ar fáil chun cabhrú le hiarratasóirí nuair a bhíonn an ghné gnéis/ inscne dá n-iarratas á comhlánú acu. Tógadh é seo ón tsraith straitéisí '*An Ghné Inscne i dtaighde atá á mhaoiniú ag an AE*', a bhfuil sé mar aidhm leis uirlisí praiticiúla a chur ar fáil don phobal taighde chun gnéithe inscne a chomhtháthú ina gcuid taighde, lena n-áirítear comhionannas inscne (torthaí comhionanna do mhná agus d'fhir) agus conas anailís ghnéis/inscne a chomhtháthú in ábhar taighde.

1. An bhailíocht taighde is fearr agus is féidir: Ba cheart go gcuimseofaí i dtaighde na difríochtaí idir fir agus mná sa daonra taighde, agus beidh na torthaí níos ionadaíche. Ní dhéanann catagóirí ginearálta cosúil le 'daoine', 'othair' nó 'úsáideoirí' idirdhealú idir fir agus mná. D'fhéadfadh taighde atá bunaithe ar a leithéid sin de chatagóirí a bheith mar bhonn le páirtchonclúidí agus páirtsonraí. Mar shampla, ba cheart go mbeadh othair fhireanna á gcur san áireamh i dtaighde ar chóireáil nua le haghaidh ailse bhrollaigh, ionas go mbeidh pictiúr iomlán á thabhairt. Díríonn an taighde is bunúsaí le samhlacha ainmhithe ar fhir agus cuirtear mná as an áireamh (Zucker et al., 2010; Marts et al., 2004). Ní féidir taighde ar imircigh eacnamaíocha a theorannú do thuairimí fireanna más mian leis an taighdeoir teacht ar thuiscint ar an daonra imirceach trí chéile.
2. Smaointe agus hipitéisí taighde: Ní mór ábharthacht an ghnéis agus/nó na hinscne bitheolaíche le haghaidh agus laistigh den ábhar a anailísiú agus measúnú a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil siad seo ag feidhmiú mar athróga ábhartha. Is féidir úsáid a bhaint as taighde atá déanta agus as litríocht atá scríofa roimhe seo nuair a bhíonn hipitéisí á bhforbairt. Go deimhin, tá méadú leanúnach tagtha ar an méid eolais atá ar fáil faoi cheisteanna inscne/gnéis le blianta anuas agus is féidir úsáid a bhaint as an eolas seo mar ábhar tagartha spéisiúil chun hipitéisí nua a fhorbairt le haghaidh taighde a dhéanfar amach anseo.
3. Dearadh tionscadail agus modheolaíocht taighde: Cé go mb'fhéidir go mbeadh éagsúlacht le tabhairt faoi deara i modheolaíochtaí taighde, déanann gach modheolaíocht iarracht léargas a thabhairt ar an bhfírinne (gnéithe den fhírinne). Sa chás go mbaineann an fhírinne seo le daoine, ba cheart go ndéanfaí idirdhealú in aon mhodheolaíocht fhónta idir na gnéasanna agus go gcuirfí san áireamh cás na mban agus na bhfear ar bhealach cothrom. Dá réir sin, tá grúpaí cosúil le 'saoránaigh', 'othair', 'tomhaltóirí', 'íospartaigh' nó 'leanaí' róghinearálta mar chatagóirí.
4. Cur chun feidhme taighde: Ní mór go mbeadh *uirlisí bailithe sonraí* (cosúil le ceistneoirí agus seicliostaí agallaimh) inscne-íogair, go mbeadh teanga ilinscne in úsáid iontu, agus ba cheart go mbeadh sé indéanta gnéithe difriúla de shaol na bhfear agus na mban a thabhairt faoi deara. Cabhróidh sé seo le laofacht inscne a sheachaint. Mar shampla, ní gá

go mbeadh freagraí atá le cur ar fáil ag 'ceann teaghlaigh' bailí le haghaidh gach ball teaghlaigh.

5. Anailís ar shonraí: Sa chuid is mó den taighde a bhaineann le cásanna daonna, déantar sonraí a dhí-chomhbhailiú de réir gnéis, a bheadh mar bhonn go loighciúil le hanailís de réir gnéis. Go dáta, áfach, ní cleachtas coitianta é seo. Trí ghlacadh le gnéas mar athróg lárnach go córasach agus anailís a dhéanamh ar athróga eile taobh leis (e.g. gnéas agus aois, gnéas agus ioncam, gnéas agus soghluaisteacht, gnéas agus saothar) soláthrófar léargas suntasach agus úsáideach. Is bealach maith é grúpaí úsáideora deiridh cothrom ó thaobh inscne de a áireamh i dtaighde lena chinntiú go mbeidh an oiread tionchair agus is féidir ag an taighde.
6. An chéim scaipthe – tuairisciú sonraí: Ní leor sonraí gnéis agus/nó inscne a bhailiú agus a anailísiú mura gcuirtear san áireamh sna torthaí foilsithe iad. Ba cheart go gcuirfí gnéas agus/nó inscne san áireamh i bhfoilseacháin 'príomhshrutha' de bhrí go bhfuil sé chomh suntasach céanna sa saol laethúil is atá aon athróg eile a bhfuil staidéar déanta uirthi. Is féidir gníomhartha (foilseacháin nó imeachtaí) scaipthe sonracha le haghaidh torthaí gnéis agus/nó inscne a bhreithniú. Ba cheart institiúidí agus ranna a dhíríonn ar inscne a áireamh sna spriocghrúpaí scaipthe. Ba cheart teanga ilinscne a úsáid i bhfoilseacháin.

Seicliosta le haghaidh gnéis agus/nó inscne in ábhar taighde

Céim na smaointe taighde:

- Má tá daoine in úsáid mar oibiachtaí taighde i dtionscadal taighde, an bhfuil anailís déanta ar ábharthacht an ghnéis agus/nó na hinscne bitheolaíche don ábhar taighde?
- Mura bhfuil baint dhíreach ag daoine leis an taighde, an bhfuil an caidreamh difreáilte féideartha idir fir agus mná i ndáil leis an taighde sách soiléir?
- An bhfuil an litríocht agus foinsí eile a bhaineann le difríochtaí sa réimse taighde athbhreithnithe agat?

Céim an togra:

- An gcinntíonn an mhodheolaíocht go ndéanfar imscrúdú ar dhifríochtaí (féideartha) gnéis/inscne: go mbaileofar agus go ndéanfar anailís ar shonraí difreáilte i rith an timthrialla taighde agus gur cuid den fhoilseachán deiridh a bheidh ann?
- An mínítear go sainráite agus go cuimsitheach sa togra conas a dhéileálfar le ceisteanna gnéis/inscne (e.g. i bpacáiste oibre ar leith)?
- An bhfuil torthaí agus impleachtaí difreálaithe féideartha an taighde ar mhná agus ar fhir breithnithe?

Céim an taighde:

- An bhfuil ceistneoirí, suirbhéanna, fócasghrúpaí, etc. deartha chun aird a tharraingt ar dhifríochtaí ábhartha poitéinsiúla gnéis agus/nó inscne i do chuid sonraí?
- An bhfuil cothromaíocht inscne i measc na ngrúpaí atá páirteach sa tionscadal (e.g. samplaí, grúpaí tástála)? An bhfuil anailís á déanamh ar shonraí de réir na n-athróg gnéis? An bhfuil anailís á déanamh ar athróga eile a bhaineann le gnéas?

An chéim scaipthe:

- An soláthraítear mar chuid den anailís staitisticí, táblaí, figiúirí agus cur síos a dhíríonn ar na

difríochtaí ábhartha gnéis/inscne a tháinig chun solais i rith an tionscadail?

- An bhfuil institiúidí, ranna agus irisí a dhíríonn ar inscne i measc na spriocghrúpaí le haghaidh scaipthe, i dteannta le hirisleabhair taighde phríomhshrutha?
- Ar smaoinigh tú ar fhoilseachán nó imeacht sonrach maidir le torthaí gnéasbhunaithe/inscnebhunaithe?

AGUISÍN 6
CLÁR SCOLÁIREACHT IARCHÉIME RIALTAS NA HÉIREANN
CRITÉIR MHEASTÓIREACHTA

Critéir agus mionsonraí meastóireachta	**Marcanna uasta**
IARRATASÓIR, lena n-áirítear: • Cuntas teiste agus cumas taighde an iarratasóra, - Caighdeán - Suntas agus ábharthacht phríomh-ghnóthachtálacha an iarratasóra - Cuntas pearsanta an iarratasóra • Meaitseáil idir próifíl an iarratasóra agus an tionscadal taighde atá beartaithe • Fianaise ar smaointeoireacht neamhspleách • Caighdeán na teistiméireachta atá curtha ar fáil ag an meantóir acadúil agus ag na moltóirí	40
TIONSCADAL, lena n-áirítear: • Soiléire agus comhleanúnachas an taighde bheartaithe • Caighdeán an dearaidh agus na modheolaíochtaí taighde atá beartaithe • Féidearthacht na ngarspriocanna beartaithe, táirgí insoláthartha agus pleananna teagmhais • Breithniú maidir le conas a chuirfidh an taighde beartaithe dlús le húrscothacht agus conas a chuirfidh sé leis an méid atá ar eolas againn cheana féin • Pleananna le haghaidh scaipeadh agus malartú faisnéise an taighde bheartaithe • Breithniú ar na ceisteanna eiticiúla ábhartha agus ar an ngné gnéis/inscne • *Más cuí, an bhfuil an t-iarratas ailínithe go díreach le téamaí agus tosaíochtaí straitéiseacha an chomhpháirtí mhaoinithe?*	40
GNÉITHE OILIUNA AGUS FORBARTHA GAIRME AN TOGRA, lena n-áirítear: • Soiléire agus caighdeán an phlean oiliúna agus forbartha gairme • An poitéinseal a bhaineann le scileanna agus inniúlachtaí nua taighde agus inaistrithe, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha d'fhostaíocht lasmuigh den earnáil acadúil thraidisiúnta • An cumas eolas nua a chur ar fáil • Soiléire intinne maidir leis an tionchar a bheidh ag an scoláireacht ar chonair ghairme an iarratasóra	10
TIMPEALLACHT, lena n-áirítear: • Oiriúnacht agus cumas an mhaoirseora/na maoirseoirí dóthain maoirseachta a sholáthar • Caighdeán an infreastruchtúir agus na n-áiseanna atá á gcur ar fáil ag an institiúid óstach • An mheaitseáil idir an t-iarratasóir, an maoirseoir/na maoirseoirí agus an institiúid óstach	10

AGUISÍN 7
CLÁR CHOMHALTACHT IARDHOCHTÚIREACHTA RIALTAS NA HÉIREANN
CRITÉIR MHEASTÓIREACHTA

Critéir agus mionsonraí meastóireachta	Marcanna uasta
IARRATASÓIR, lena n-áirítear: • Cuntas teiste agus cumas taighde an iarratasóra[14], - Caighdeán - Suntas agus ábharthacht phríomhghnóthachtálacha an iarratasóra - Cuntas pearsanta an iarratasóra á chur san áireamh • Meaitseáil idir próifíl an iarratasóra agus an tionscadal atá beartaithe • Fianaise ar smaointeoireacht neamhspleách agus cáilíochtaí ceannaireachta • Cáilíocht na teistiméireachta a sholáthraíonn an maoirseoir acadúil	30
TIONSCADAL, lena n-áirítear: • Soiléire agus comhleanúnachas an taighde bheartaithe • Caighdeán an dearaidh agus na modheolaíochtaí taighde atá beartaithe • Féidearthacht na ngarspriocanna beartaithe, táirgí insoláthartha agus pleananna teagmhais • Breithniú maidir le conas a chuirfidh an taighde beartaithe dlús le húrscothacht agus conas a chuirfidh sé leis an méid atá ar eolas againn cheana féin • Pleananna le haghaidh scaipeadh agus malartú faisnéise an taighde bheartaithe • Breithniú ar na ceisteanna eiticiúla ábhartha agus ar an ngné gnéis/inscne	35
GNÉITHE OILIÚNA AGUS FORBARTHA GAIRME AN TOGRA, lena n-áirítear: • Soiléire agus caighdeán an phlean oiliúna agus forbartha gairme • An poitéinseal a bhaineann le scileanna agus inniúlachtaí nua taighde agus inaistrithe, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha d'fhostaíocht lasmuigh den earnáil acadúil thraidisiúnta • An acmhainn eolas nua a chur ar fáil • Soiléire intinne maidir leis an tionchar a bheidh ag an gcomhaltacht ar chonair ghairme an iarratasóra, lena n-áirítear a neamhspleáchas gairmiúil	25
TIMPEALLACHT, lena n-áirítear: • Oiriúnacht agus cuntas teiste an mheantóra, le béim ar leith ar a dtaithí i ndáil le taighdeoirí a fhorbairt • Caighdeán an infreastruchtúir agus na n-áiseanna atá á gcur ar fáil ag an institiúid óstach • An mheaitseáil idir an t-iarratasóir, an meantóir agus an institiúid óstach	10

[14] Mar shampla, d'fhéadfaí breathnú ar chomhoibriú, líonrú, giniúint eolais, cur le taighde agus ardoideachas, taithí ceannaireachta agus bainistíochta srl.